## A Dhomhnaill, deaghlam fá shíodh

[Rawlinson B 514, 74r]
[Quiggin, E. C., ‘Prolegomena to the study of the later Irish bards, 1200-1500’, *Proceedings of the British Academy* 5, (1913) 89-142 (appendix).
In Muireadhuch cédna cecinit (i.e. Muireadhach Albanach Ó Dálaigh)
[Deibhidhe, Dán Díreach]

1 A Domhnaill deglam fa sid
denu-sa aicned indrig
ni maith sidh acht co subach
na bidh flaith co frichnumach.
2 Dena righacht is reidhe
ni haicned rig rodheine
as lat Erne ⁊ Eine
brat ar n-erghe a hainbfine.
3 Tarla damh lamach dar lem
do-fetar iss e m’fuighell
ni derna fuighell acht fer
ar nach cuirenn a cáinedh.
4 Geis do righ a rí Finde
sceinm re scel an ceadgille
ni dlesidh gach duine tren
go fessidh luidhe ar lethsceal.
5 An me do-cuaid d’iarruid Finn
fiarfaig da fuil ’san airdchill
fech a cridhe solus s[a]in
ca dorus tighe a torchair.
6 Is hi an foiridhin fallsa
do-soised uaib oram-sa
ger b’e a Domnaill do dilleacht
do congbhuinn rét cipineacht.
7 Dob e an coimes echt oile [74v]
Mac Coissi ’s a cirmoiri
dail nar bferr rium do-ronadh
Find am cenn do comóradh.
8 Tainic is tuc mo loissi
fa fhichid am fiadhnaise
do-sía ara corp no ara cruth
cia les nac olc an t-enghuth.
9 Da marbaind ⁊ me ad tig
mac rig maith no mac taisig
fulang h’anfaid dob ussa
triasan tarbchoin turussa.
10 Mo a ndernais ina i ndlighe
d’fhalad at fhir muinntire
ge sith do-ne[i]ss(i) a-nossa
frit do sith d’eis Aengossa.
11 An cedlong triallfus tar tuind
uaid a ri Doiri a Domnaill
leic a milid me tar ais

le [i]sna tirib ó tucais.

12 Oirdeochad duid a ndlige
rim a shoerclann tShuilige
a n-íc Finn no Duib no Duinn
na cuir ind dít a Domnaill.

13 Eacail leam-sa do moid mer
a Domnaill Droma Lighen
ar los do rímhoide rim
cros na Trinnoide a timchiull.

14 Ge tussa nac ti tar aiss
ar an ceadglór do canais
gach Conallac sa cruinde
go rolonduch romhuinde.

15 Clann Aindílis an fuind gloin
clann Eochach is clann Ceallaig
Sil mBaigill ni biad am cinn
ní shailim íad dom imdill.

16 Muindtir Tercheirt ar mo thí
ni creidim uaid a airdri(gh)
mó sailim mo cin do ceilt
d'fhir mar Ó taibhseing Terceirt.

17 Da ngreistea a ri dom rochtain
muintir dedgheal Dochartaich
cuich dob anathlamh ann sin
no clann maluchdub Maengail (?).

18 Clann Breislein ni biad am cenn
ge bhud d'aicmedaib Eirenn
mac Duinn ge bac do bunadh
is mac Cuinn is Concubar.

19 Dócha iad uili ar mo druim
ina duine d'Ibh Domhnaill
ní ticc mac daib no dalta
lat a ndail na dighalta.

20 Gach maith do tír is do tuind
cugaib a cinel Conuill
na raib d'foghail no d'esbuid
oraib acht an t-enfer-soin.

21 Ni facadhu[i]s re hathaidh
me a meic í Quind Ceadcathaig
a Domnaill na duin mar sin
an suil mongduinn red muinteir.

22 Traethfud-sa th'ferc da fhédar
dligther airdri(c) d'uirbrégad
báithfed a flaith Breag do béd
ni maith cnedh gan a coméd.

23 C(r)etrar is gruamdha dar ghin
leoman buidhe $_{7}$ beitheir
mathghamain finn dregan donn
dar lium tecar 'na thimcholl.

24 H’ferg mor-sa is do miri
baidfe[idh] ceol ar cerdi-ne
dan 7 gan duais da cinn
sámh les gac cluais dá cluinenn.
25 Sloindfed da creide a cul lag
a meic hua nEchac Fanad
ni fhuil a dearcc ceibfhinn cais
ceard a nEirinn at fhecmais.
26 Tucais leat a cais corcra
cearda bregtha banntrochta
comláine gaca cerde
bondbaine 7 beildeirge.
27 Derge n-aighte 7 n-ingen
rosc leathan gan luathfillead
maigri saer tana troighed
mala cael nar caeloideadh.
28 Colpa seda sliasad geal
mala dub Dia dá díden
ded as caeimhe ’sa cruinde
med is saire is sulcuirri.
29 Long do brondadh cona beart
is cloidhem co n-ór d’imbeart
long cona beart do bronnadh
’s gan a ceilt ar ceadlongadh.
30 Tinnscnamh ar sidha i[s] se sin
a meic Ecnechain Oiligh
anadh bud lomlainn leam sunn
ma ferr a Domnaill deglum. A Domhaill
31 Do corcras clochan don áib
a Maeil Mhaedoic Meic Amlaib
nirb furail deit degláidh glan
a Meic Amláib ’na inadh.
32 Logh damh a ndernus ad cill
a í Neill Teamra a Tailcinn
is tu caraim is ru-m car
a Calaim dan clú crabad.
33 A Dubgaill na delaig rind
a codhnaig cloinde Baighill
a Í Baigill duinn Doiri
ó tuind taibse[i]ng Thoraighe.
34 Na deglam ar Dia do nimh
a Diarmaid finn Í Fhirgil
is tú at aenar is imlán
ót aeradh ot athimradh.
35 A I Breslein a barr lacc
a meic Duinn a dun Fhanad
na díslig mesi a meic Duinn
ma deit bud tresi ad trenghuing.
36 A Aed Í Terceirt na treicc

mesi no mac mo leithéid
a cinn Caisil od omhnair
taisich ind ’nar n-ollomhnaib.

37 A Concubair duinn daltaig
meic Domnaill I Dochartaig
na leic loidhe ó nDalaig[s]
do géicc Doiri dimbádhaigh.

38 Na deglam ar Día nime
a Mail tShechlainn tShuiligi
masa leir deit ar ndograing
a meic réidh í righDomnaill. A Domnaill....